Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11282/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0174 (NLE)**

**VETER 107**
**AGRI 550**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 315 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na forálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 315 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 315 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2026
COM(2026) 315 final

2026/0174 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na forálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), leathnú na trádála cómhalartaí a chur chun cinn, gníomhaíocht eacnamaíoch a chothú, dálaí maireachtála agus fostaíochta a fheabhsú, táirgiúlacht agus cobhsaíocht airgeadais a mhéadú, dálaí cothroma a chur ar fáil le haghaidh iomaíocht trádála, agus rannchuidiú le deireadh a chur le bacainní trádála agus forbairt chomhchuí agus leathnú na trádála domhanda a spreagadh. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1997. Chun trádáil dhéthaobhach ainmhithe agus táirgí ainmhithe a éascú, thug na Páirtithe Conarthacha Prótacal maidir le hÁbhair Thréidliachta i gcrích lena bhforlíontar an Comhaontú[2] (an Prótacal), ar cuid dhílis den Chomhaontú é. Tháinig an Prótacal i bhfeidhm an 1 Eanáir 2000.

Tá an Comhchoiste, a bunaíodh le hAirteagal 31 den Chomhaontú, freagrach as an gComhaontú a riar agus is é a áirithíonn go gcuirtear chun feidhme é. Gníomhaíonn an Comhchoiste trí chomhaontú frithpháirteach.

I gcomhréir le hAirteagal 2 den Phrótacal, tugtar de chumhacht don Chomhchoiste liosta d'fhorálacha tréidliachta an Chomhphobail atá le cur i bhfeidhm ag Oileáin Fharó agus coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin a tharraingt suas. Trí Chinneadh 1/2001 uaidh[3], leag an Comhchoiste síos na forálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme. Tá foghrúpa tréidliachta faoin gComhchoiste arna bhunú leis an bPrótacal freagrach as moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste d'fhonn na forálacha sin a thabhairt cothrom le dáta nó a leasú.

Cinneadh 1/2001, tugadh cothrom le dáta go deireanach í in 2008 le Cinneadh Uimh. 1/2008[4] ón gComhchoiste. Ó tugadh cothrom le dáta í, tá forbairt leanúnach tagtha ar acquis ábhartha an Aontais, go háirithe trí ghníomhartha reachtacha nua a ghlacadh agus trí ghníomhartha a bhí ann cheana a thagann faoi raon feidhme an Phrótacail a leasú.

Chun a áirithiú go leanfar de chur i bhfeidhm ceart agus aonfhoirmeach an Phrótacail, is gá, dá bhrí sin, forálacha a thabhairt cothrom le dáta chun an Prótacal a chur chun feidhme ar mhaithe le staid reatha an chuid is infheidhme de *acquis* an Aontais a léiriú.

Ina theannta sin, is gá feabhas a chur ar théacs na bhforálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir leis na tráchtearraí a thagann faoina raon feidhme, maidir le gníomhartha an Aontais a chuireann Oileáin Fharó i bhfeidhm agus maidir leis na rialacha gluaiseachta is infheidhme.

Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an togra seo Cinneadh nua ón gComhchoiste a aisghairm agus a chur in ionad Chinneadh 1/2001, lena dtugtar isteach liosta cothrom le dáta de reachtaíocht ábhartha an Aontais atá le cur i bhfeidhm ag Oileáin Fharó agus lena leagtar amach forálacha cur chun feidhme le soiléireacht fheabhsaithe.

---

1 IO L 53, 22.2.1997, lgh. 2-135
2 IO L 305, 30.11.1999, lch. 26
3 IO L 46, 16.2.2001, lgh. 24-29
4 IO L 24, 28.1.2009, lgh. 30-33

## 2. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú a leagan síos, tá gá le Cinneadh ón gComhairle de bhun Airteagal 218(9) CFAE.

Leis an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an togra seo, déantar Cinneadh 1/2001 a aisghairm agus a ionadú. Liostaítear sa Chinneadh atá beartaithe na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais a chuirfidh Oileáin Fharó i bhfeidhm maidir le teacht isteach ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe ó thríú tíortha agus sainítear ann, i gcás na dtráchtearraí sin, go mbeidh feidhm ag rialacha an Aontais maidir lena ngluaiseacht ó Bhallstát amháin go Ballstát eile maidir le gluaiseachtaí ón Aontas go dtí Oileáin Fharó. Thairis sin, liostaítear sa Chinneadh atá beartaithe na tráchtearraí a gcuirfidh Oileáin Fharó na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais i bhfeidhm ina leith agus bunaítear leis, maidir le gluaiseachtaí na dtráchtearraí liostaithe sin ó Oileáin Fharó go dtí an tAontas, go mbeidh feidhm ag rialacha an Aontais maidir lena ngluaiseacht ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe

Is togra é seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú, ar cheart é a bheith bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis seo.

### Bunús dlí

Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de.

### An rogha ionstraime

Foráiltear in Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go mbunófar le Cinneadh ón gComhairle an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

## 4. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar na forálacha chun an Prótacal tréidliachta maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta leis an ngníomh ó Chomhchoiste CETA a chur chun feidhme, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2026/0174 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na forálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), rinne an tAontas é a thabhairt i gcrích le Cinneadh 97/126/CE[1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1997.

(2) Rinne an tAontas an Prótacal maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú (‘an Prótacal’) a thabhairt i gcrích le Cinneadh 1999/778/CE ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2000.

(3) De bhun Airteagal 34 den Chomhaontú agus Airteagal 2 den Phrótacal, déanfaidh an Comhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 31 den Chomhaontú sin (‘an Comhchoiste’) na forálacha a chinneadh chun an Prótacal sin a leasú.

(4) Cuirfidh foghrúpa tréidliachta faoin gComhchoiste a bunaíodh in Airteagal 2 den Phrótacal moltaí faoi bhráid an Chomhchoiste d’fhonn an reachtaíocht atá i gceist a leasú nó a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Trí Chinneadh 1/2001 uaidh[2], leag an Comhchoiste síos na forálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme.

(6) Ar bhonn mholtaí an fhoghrúpa tréidliachta, tá an Comhchoiste, le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, le cinneadh a ghlacadh lena n-aisghairfear na forálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme agus lena n-ionadófar na forálacha sin.

(7) Na forálacha nua chun an Prótacal a chur chun feidhme, tá sé d’aidhm acu liosta cothrom le dáta de reachtaíocht ábhartha an Aontais a thabhairt isteach atá le cur i bhfeidhm ag Oileáin Fharó agus soiléireacht maidir leis na tráchtearraí a chumhdaítear a fheabhsú.

1 IO L 53, 22.2.1997, lgh. 1-136
2 IO L 46, 16.2.2001, lgh. 24-29

(8) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, is iomchuí é a leagan síos, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ón gComhchoiste ina cheangal ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na forálacha chun an Prótacal maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú a leasú, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*